AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 11. uiṁ. 20. Aoine, 21ú Bealtaine, 1965.

EAGARFOCAL. 21-5-'65.

Cosaint an Iarṫair

GINEANN RIAĊTANAS FUASCALTÓIR, adeirtear, agus go cinnte, sé an tAṫair Mac Duibir an fear sa ḃearnáin de ṫairbe an Iarṫair. Leanann sé leis le fuinneaṁ agus dúṫraċt ṁillteanaċ ag eagrú an Iarṫair, agus tá ċuile ċosúlaċt ann go ḃfuil pobal mór scaipṫe scaite na gcondaeṫa iarṫaraċ a' teaċt, diaiḋ ar ndiaiḋ, ina grúpa aontaiṫe ar a cúl. Is maiṫ sin, agus is miṫid.

Ón ár dtaoḃ féin de, is trua, ós rud é gur as an nGaeltaċt é anois, naċ ḃfuil sé níos láidre i leiṫ na Gaeilge. Is cosúil gur ceistníoḋ é i gCorcaí, agus gur ḋúirt sé naċ cainteoir dúċais é féin agus naċ ḃfuil an Ġaeilge ó ḋúċas aige, aċ go ḃfuil sé i leiṫ na Saoṫúlaċta Gaelaí. Ní leor é sin ar ndóiġe, agus ba deas an rud é dá mbeaḋ fear mar é atá ina spreagṫóir don gluaiseaċt aṫ nuaḋċa an Iarṫair ina Ġaeilgeoir coṁ maiṫ. Aċ, caiṫfiḋ muid cur suas leis an scéal mar atá sé.

IS COSÚIL GO ḂFUIL GLUAISEAĊT cosanta an Iarṫair ag dul i ḃfeiḋm, ní haṁáin ar an ṗobal, aċ ar na h-údaraisí ċoṁ maiṫ. Níl duine ar biṫ acu a ṫáinig amaċ ċoṁ poiblí agus ċoṁ déarfá le Caṫal Mac Eoċaiḋ, Aire Talṁaíoċt, a ṫug a ḃarrantas go solúnta go gcaiṫfí seasaṁ leis an Iarṫar agus na condaeṫa boċta a ċur ar láiṁ sábála. Is maiṫ seo mar tús, agus níor ḋein aon Aire eile teaċt amaċ ċoṁ poiblí seo faoin scéal agus is mór ar fad an t-aṫrú é, agus an ċaint a rinne, cuir i gcás, an tUasal Ó Móráin, insan tSeanad.

AĊ TARÉIS AONTÚ AR PRIONSABAIL, caiṫfiḋ muid teaċt anuas go dtí ceisteanna praicticiúla. Agus tá ḋá ċeist praicticiúil a gcaiṫfear tosnú orṫa fá ḟorbairt agus aṫ-ṫógáil an Iarṫair. An ċéad ċeann, ná go ḃfuil talaṁ boċt agus feirmeaċa neaṁ-eacnamiciúil ar fud na gcondaeṫa iarṫaraċ; go ḃfuilir ḋá ṫréigbeáil go leiṫéadaċ agus gur fusa agus gur fearr saol oibrí taoḃ ṫall den uisce, ná an gléas beaṫa a ḃaintear as na feirmeaċa seo. Ní leor deontaisí ná spreagaḋ, ná alúntaisí, rud beag níos mó ná mar atá san ċuid eile den tír, leis na feirmeaċa seo a ċur ar ḃealaċ eacnamiciúil. Mar adúirt an tAṫair Mac Duibir, caiṫfear iad a ṫógáil den talaṁ, agus tá caiteaċas mór teastáil leis sin a ḋéanaṁ ar tús. Is féidir na feirmeaċa seo a ḋéanaṁ eacnamiciúil aċ caiteaċas capital mór a ḋéanaṁ agus iad a eagrú fá ċoinne saġas eile feirmeoireaċta ar fad —fás glasraí, tógáil muca ar scála an ṁór, b'ḟéidir tógáil cearc, agus soláṫar uiḃeaċa, ar scála mór. Aċ, cibé ar biṫ, nua-ḟeirmeoireaċt eagraiṫe in ionad an seana ḟeirmeoireaċt óna láiṁ go dtí an béal náċ raiḃ gléas beaṫa ann ċor ar biṫ. Ní féidir a ḃeiṫ ag súil go ndéanfaiḋ an pobal é sin iad féin, mar is éasca ar fad do ḟear óg, nó fear atá ḋá ṗósaḋ, dul treasna agus árd ċaiġdeán saol oibrí a ḃeiṫ aige taoḃ ṫall den uisce.

MAR SIN DE, CÉAD DEARḂÚ ar dea-ṫoil an Rialtas, ná an costas capital seo a réitiú, d'ḟonn agus na feirmeaċa a ċur

Díospóireaċt Roinn na Gaeltaċta

Seán Ó Ceallaiġ

Ní ṡlánófar an Ġaeltaċt go dtí go gcuirtear obair ar fáil do na daoine inte.

Ní féidir le duine clann a ṫógáil ar na gabaltais beaga in iarṫar na tíre. Is ar éigin is féidir féirmeaċa a ṫabairt orṫu.

Go dtí go ndéanfar sár-iarraċt obair a ṫabairt dóiḃ is baol liom go mbeiḋ an Ġaeltaċt ag dul i ndisc ó ḃliain go ċéile.

Ba ṁaiṫ liom freisin traoslú leis an Rúnaí Pairliminte as uċt an gradaim a bronnaḋ air le déanaí. Tá a ḟios agam nárḃ féidir duine ba oiriúnaí a ċeapaḋ. Ón uair a ḃí sé ina ḃuaċaill óg ba ḃéas leis Gaeilge do labairt le gaċ Gaeilgeoir.

Ḃí áṫas orm nuair do léiġ an Teaċta Ó Doṁnaill na figiúirí. Do léiġ sé amaċ go dtáinig lagḋú míle duine ar an líon daoine a ḃí i nGaeltaċt Contae an Ċláir idir 1926 agus 1956. An taca seo anuraiḋ dúirt sé liom sa Tí seo naċ raiḃ Gaeltaċt ar biṫ i gContae and Cláir. Is bréag liom anois gur ḃréagnaiġ sé a ċuid ráitisí féin i dTuairisc Oifigiúil Ḋáil Éireann.

Is fuirist dúinn sa Tí seo agus is fuirist do ḋaoine ar fud na tíre a rá gurab í an Ġaeltaċt príoṁ-ċliaḃán na Gaeilge agus gurab olc an rud é dá dtéaḋ sí i lagaḋ.

Conas is féidir le daoine ciallṁara tuisceanaċa clann a ċoiméad má tá siad gan obair?

Nuair a cuireaḋ Bille na

mar aonad geilleagraċ ón tús, gur féidir le fear óg, nó fear-pósta dul i gcionn an tsaoil iontu.

SÉ AN DARA RUD A ĊAIṪFEAR A ḊÉANAṀ DON IARṪAR, sula mbeiḋ daoine óga sásta socrú síos agus beaṫa réasúnta maiṫ a ḃaint amaċ díoḃa féin ann, ná coṫramú a ḋéanaṁ ar scéal na rátaí. Is uafásaċ an éagoṫrom rátaí ar an tír, go ḃfuil amaċ 's isteaċ ar rátaí ḋá uair ċoṁ h-árd ḋá íċc ins na condaeṫa is boiċte san tír, rud a ḃeaḋ na ualaċ trom go leor ag fear ar biṫ ag tógáil tí úr dó féin ins na ceantair ṫiar, agus ag braṫ socrú síos ann, nó fiú dul le cúrsaí gnó nó cúrsaí déantúsaíoċt de ċineál ar biṫ. Aċ, is measa i ḃfad an scéal é go ḃfuil seirḃísí naċ ḃfuil leaṫ féin ċoṁ maiṫ le fáil ins na condaeṫa iarṫaraċ seo, cé go ḃfuil an ráta ḋá uair ċoṁ h-árd. Tá sé seo go léir ag teaċt as an éagcoṫrom maoine, agus an tuiġ-as pobal san Iarṫar, agus gurb é an mean-luaċáil do toġaranna i lár na tíre, ná £12-10-0 per capita, aċ gurb é an mean-luaċáil i gceantair Gaeltaċta cuir i gcás, ná 12s. 6d. per capita. Ní sé seo ceart. Níl sé mórálta. Níl sé eiticeaċ. Níl coṫrom na féinne ann do réir an bunraċta. Is miṫid, agus is lán ṁiṫid an ċeist do réitiú, agus ní féidir a ċur ar an ṁéir fada níos fuide. Caiṫfear ciste coṫromaiṫe rátaí a bunú gan ṁoill, nó caiṫfear aṫrú bunúsaċ a ḋéanaṁ san córas rátaíoċta ar fad.

gCeantraċa Nea-ḟorbarṫa tríd an Tí seo ḃí dóċas agam go ndéanfaí iarraċt monarċa a ċur ar bun i ngaċ Gaeltaċt ċun go mbeaḋ obair le fáil. Aċ, faraoir, ní mar ṡíltear bítear.

Is maiṫ liom go ḃfuil méadú ar an deontas. Is maiṫ liom go ḃfuil breis scoláireaċtaí le fáil aċ, tríd is tríd, ní ṡlánófar an Ġaeltaċt le rudaí beaga den tsaġas sin. Sé tá ag teastáil ón dream óg ná obair d'fáil, pósaḋ agus clann a tógáil.

An ḃfuil éinne anso go mbeaḋ sé de ḋánaíoċt ann a rá gur aċmainn ag daoine óga na Gaeltaċta pósaḋ agus clann a ṫógáil?

Caiṫfiḋ an ċuid is mó dena daoine óga imeaċt leo ṫar lear nó dul go h-áit éigin in Éirinn ag lorg oibre.

Muna n-éiríonn an Rialtas as na mion-rudaí a ḋéanaṁ agus muna ndéanann siad rud mór fónta éigin ċun slí beaṫa a ṫabairt do na daoine cois baile sa Ġaeltaċt beiḋ an Gaeltaċt ag dul i laġaḋ.

Ón uair a cuireaḋ an Stát ar bun ċualamar tráċt mar ġeall ar an Ġaeltaċt. Ċualamar daoine a rá go mbeaḋ deireaḋ leis an náisiún dá gcaillfí an Ġaeilge. Is geal linn beiṫ ag cur síos ar an Ġaeltaċt aċ tá níos mó ná molaḋ, baoṫċaint, plómás agus bladaireaċt ag baint leis an scéal.

Tá dóċas agam go ndéanfaiḋ an fear óg atá i ḃfeigil na hoibre a ċroí-ḋíċeall ċun a ṫuilleaḋ oibre a ċur ar fáil i dTír Ċonaill agus in áiteaċa eile ar fud na Gaeltaċta. Má ḋéanann sé amlaiḋ tuillfiḋ sé ní h-aṁáin buíoċas na dTeaċtaí Dála agus na Seanadóirí aċ buíoċas an ċine uilig.

Mr. Coogan: Tá suim ṁaiṫ airgid i gceist sa Ṁeastaċán so. An ḃfuilimíd sásta go ḃfuil gaċ rud déanta ar son na Gaeltaċta? Níl muintir na Gaeltaċta sásta agus níl mise sásta aċ oireaḋ.

Donnċaḋ Ó Briain — Lean ort i nGaeilge.

Pádraig Ó Doṁnaill

Molaim an méid a dúirt an Rúnaí Pairliminte. Tá lúċair orm gur ceapaḋ é mar Rúnaí Pairliminte don Roinn seo mar, im ṫuairimse, níl aon duine sa Dáil níos oiriúnaí don ṗost sin ná é. Tá aiṫne rí-ṁaiṫ aige ar ṁuintir na fíor - Ġaeltaċta, ní h-aṁáin i dTír Ċonaill aċ i gCúige Ulaḋ ċoṁ maiṫ. Tá na daoine ag fágáil na Fíor-Ġaeltaċta: tá siad ag imeaċt leo

(Ar lean. ar leaṫ. 4)

Easbog Nua ar Raṫ Ḃoṫ

An tAṫair A. C. Mac Fiċeallaiġ, S.P., an tSraiṫ Ḃán. a ḃéas mar Easbog Raiṫ Ḃoiṫ.

Is ó Ċnoc na Nóiníní, Baile Ḃó Feiṫ é ó ḋúċas.

Iar-Uaċtarán Coláiste Naoiṁ Ċoluim, Doire Colmċille, is ea é.

Ball de Coiste Ġairm-Oideaċais Dún na nGall is ea é. Is dearṫáir é do Éamon Mac Fiċeallaiġ, Baile Ḃó Feiṫ agus nia do Monsignor Mac Fiċeallaiġ, naċ maireann, a ḃí ina ṡagart paróiste i nDoire Trasna le blianta fada.

(féaċ leaṫ. 8)

Gaeilge agus Iomáin

Beiḋ scoláireaċtaí do ḃuaċaillí ó gaċ condae i gConnaċt go dtí an Ġaeltaċt, le fáil i mbliana, faoi ċoimirce Ċumann Lúṫċleas Gael, mar ċuid den ṗlean ċun iomáin a ċur ċun cinn.

Fógraíoḋ é sin ag cruinniú de Oiste Ċonnaċt i gCaisleán Riaḃaċ, an tseaċtain seo caite. Nuair a d'iarr an Coiste Iomána ar an Ċomairle Cúige £125 de ḋeontas a ṫabairt do gaċ condae mar caḃair do scéim scoláireaċtaí.

Tá Gaillim féin ag cur 50 buaċaillí le scoláireaċtaí go dtí an Ġaeltaċt, piocaiṫe amaċ as luċt iomána faoi 14 bliain d'aois do ṁí Lúnasa. Tá socrú ḋá ḋéanaṁ go mbeiḋ teagasc na Gaeilge acu ar maidin, agus cleaċtaḋ in iomáin le fáil faoi ṫreor, ar feaḋ ḋá uair san iarnóin.

Tá coistí Ċonnaċt go léir ag glacaḋ páirt ann agus ṁol Caṫaoirleaċ Ċonaċt, Donnċa Ó Gallċoḃair, an scéim go mór, agus dúirt sé gur ḃeag an rud don ċoiste Cúige £125 a ṫaḃairt do gaċ condae ċun caḃrú leis an scéim. Ṡocraiġ an comairle d'aon ġuṫ ar é seo a ḋéanaṁ.

Tá Coiste Ċondae Ṁuiġeo de Ċumann Lúṫ Ċleas Gael le táille £1 a ḃaint de iomlán clubanna insan ċondae le caḃrú le ceannaċ camáin do ógánaí agus scoláireaċtaí a ṫaḃairt do ḃuaċaillí óga agus mionúir dul ar cúrsaí scoláireaċta go dtí an Ġaeltaċt.

Deontaisí Páipéir Gaeilge

Deiċ n-oireaḋ as páipéar Áṫa Cliaṫ le páipéar na Gaeltaċta

De réir cuntas an Coiste um Cuntais Poiblí. tugaḋ £13,780 do INNIU sa ḃliain a ċríoċnaiġ ar an 31ú Márta, 1963. £1,800 do COṀAR, £1,800 do FEASTA, £1,584-11-4 do TÍR NA NÓG. £1,500 do AMÁRAĊ, £334 don ULTAĊ, £216 do AR AĠAIḊ; £100 do TIMṪIRE AN ĊROÍ NAOFA.

H-íocaḋ na deontaisí seo de réir £265 an t-eagrán le INNIU agus £60 an t-eagrán do AMÁRAĊ, £150 an t-eagrán do COṀAR agus FEASTA; £136 an teagrán do TÍR NA NÓG.

Tugaḋ £43-15-8 don Waterford News ⁊ Star; agus £336 don Derry People as nuaíoċt a ḟoilsiú i nGaeilge do na ceantair Gaeltaċta.

Tá rialaċán fada ann faoi nuaċt Ġaeilge a ḟoilsiú i bpáipéir Ḃéarla do na ceantair Ġaeltaċta, aċ níl aċ an dá ṗáipéar seo ag baint úsáid ar biṫ as.

1 nóta deirtear naċ raiḃ rialaċán geinearálta ar biṫ faoi an deontas do na tréimseaċáin i nGaeilge, aċ, go meastaí gaċ iarratas ar ċaḃair ar a ċás féin, go gnáċ, an gá a ḃí le caḃair an saġas tréimseaċán, na léiṫeoirí a ḃíoḋ ḋá léaṁ.

Gaeltaċt Uaiġe?

Ḃfuil Oileán Uaiġe ina Ġaeltaċt? Sin ceist anois, cibé marc a ḃeaḋ a gaḃáil leis. Aċ, ar scor ar biṫ. Ċuir Séamas Mac Ruaiḋrí, ceist ar Comairle Co. Ḋún na nGall agus h-innsiú dó go raiḃ socraiṫe déanta le tuarascáil suas ċun dáta a ṡoláṫar, ar na h-aiseanna leandála ar an oileán, agus ċoṁ lua agus a ḃeaḋ fiosrú déanta, go dtaḃarfaí tuairisc iomlán do Roinn na Gaeltaċta.

Uisce

H-innseaḋ Séamas Mac Ruaiḋrí ag cruinniú de Ċomairle Co. Ḋún na nGall naċ ḃféadfaí níos mó leaṫnaiṫe a ḋéanaṁ do scéim uisce an Ḟalcarraċ, go dtí go mbeaḋ scéim Gort a' Ċoirce ar obair. Ní ḟéadfaí a rá ag an uair seo cé'n uair a ḃeaḋ na leaṫnaiṫe eile réiḋ le dul ċun tosaiġ.